FIADHÚLRA
eolas ar an gcomhshaol

www.enfo.ie

Gníomh ar son na bPortach agus an Fhiadhúlra - Gnáthóga Coillearnaí

Samhlaigh gur pobal beo í an choillearnach, atá faoi cheannas na gcrann. I dtimpeallacht fholláin seo na coillearnaí tá plandaí agus ainmhithe gan áireamh, iad uile imithe i dtaithí ar a chéile thar na mílte bliain. Tuigtear tábhacht na gcoillearnach mar ghné de thírdhreach na hÉireann, agus de shaol na tíre. Foinse adhmaid is ea iad le haghaidh tine, uirlisí agus tógála, agus, níos mó ná riamh, bíonn daoine ag tabhairt cuairte orthu, ag baint taitnimh as a n-áilleacht agus ag cur eolais ar a dtréithe. Agus bíonn ainmhithe ag tarraingt orthu freisin – d'fhéadfadh suas le 5,000 speiceas de phlandaí agus d'ainmhithe a bheith le fáil sna coillte móra.

Tá trí phríomhghrúpa coillearnach in Éirinn: coillearnacha nádúrtha, fáschoillte buaircíneacha, agus coillearnacha scrobarnaí.

Coillearnacha nádúrtha

Bíonn suas le cúig shraith i gcoillearnach nádúrtha darach (féach Fíor 1). Ar barr ar fad a bhíonn an ceannbhrat i.e. mullaigh na gcrann a bhfuil a gcuid géag buailte ar a chéile in aon sraith dhuilliúir amháin. Faoi bhun an cheannbhrait a bhíonn an fhoshraith i.e. sraith de chrainn atá níos lú. Faoina bhun sin bíonn sraith scrobarnaí ina bhfuil plandaí meánmhéide, an fraochán agus an féithleann, mar shampla. Faoi bhun na sraithe sin bíonn sraith luibheanna, áit a bhfaightear plandaí fothana, an raithneach, cuir i gcás, agus raidhse de bhláthanna fiáine. Is ar leibhéal na talún a bhíonn na caonacha, na haelusanna, agus na crotail. An tsraith chaonaigh a thugtar air seo.

Tugtar 'an tsraith easair' ar an tsraith uachtair ithreach. Duilleoga, plandaí agus ainmhithe marbha a bhíonn sa tsraith seo. Is anseo a dhéanann na péisteanna agus na baictéir an dianscaoileadh nó an athchúrsáil atá riachtanach chun cothaithigh a chur ar ais san ithir. Is de thoradh ar an bpróiseas dianscaoilte a chuirtear na cothaithigh ar fáil. Sileann na cothaithigh seo isteach san ithir agus ionsúnn fréamhacha na bplandaí sa choillearnach iad. Is i mbarr na hithreach (30cm ar doimhne) is airde a bhíonn an cion cothaitheach, ach bíonn fréamhacha na gcrann i bhfad níos doimhne.

Fáschoillte Buaircíneacha

Tá os cionn 500,000 heicteár d'fháschoillte buaircíneacha in Éirinn. Coillearnacha de speiceas amháin a bhíonn iontu go hiondúil, agus is iad an sprús Sitceach agus an péine contórtach na cinn is coitianta. Is san aon uair amháin a chuirtear na crainn uile, agus ní bhíonn aon fhoshraith de chrainn ísle faoi bhun an



Fíor 1: Sraitheanna i gCoillearnach Éireannach

Is furasta | difríocht a dhéanamh

cheannbhrait. Is crainn shíorghlasa iad na crainn sprúis agus phéine .i.e. ní thréigeann a gcuid duilleog sa gheimhreadh. Is beag solas a shroicheann an talamh tríd an duilliúr seo go léir. Cruth snáthaide a bhíonn ar na duilleoga seo, agus ní dhianscaoiltear iad chomh réidh céanna le duilleoga na gcrann silteach. Is é an toradh a bhíonn air sin ná go mbíonn an talamh fúthu aigéadach go leor, ar shlí a gcuireann bac ar orgánaigh amhail péisteanna agus baictéir a n-obair athchúrsála a dhéanamh agus cothaithigh a chur ar ais san ithir. Tá scéimeanna deontais ann anois chun daoine a spreagadh le speicis eile a chur sna fáschoillte.

Déantar fáschoillte buaircíneacha a thanú tar éis 20 bliain, agus seans go bhfágfaí paistí oscailte ann a d'oirfeadh don fhraoch agus don mhéirín púca. Gearrtar na géaga in íochtar na gcrann ard, ionas go mbeidh ainmhithe (fianna, cuir i gcás), ábalta bogadh thart go héasca i measc na gcrann. Bíonn mullaigh na gcrann ina n-ionaid faire ag speicis iomadúla éin.

Tháinig ainmhí eile, a bhí i mbaol a dhíothaithe, chun cinn go mór de thoradh ar leathnú na bhfáschoillte i.e. an cat crainn (féach fíor 2) Ainmhí aclaí é a dhreapann crainn agus a bheathaíonn é féin ar mhamaigh bheaga, ar éin agus ar fheithidí. Bíonn an cat crainn níos mó ná dhá throigh ar fhad, fionnadh dorcha donn air agus súile geala géara aige.

Coillearnacha Scrobarnaí

Is iad na scrobarnacha coll i gceantar Bhoirne i dtuaisceart Chontae an Chláir na coillearnacha scrobarnaí is cáiliúla in Éirinn. Mar gheall ar an ithir éadomhain agus ar na gnáthghaotha a bhíonn ann, ní fhásann na crainn thar thrí nó cheithre mhéadar ar airde. Bíonn brat tiubh caonaigh ar an talamh de ghnáth. Bíonn flúirse raithní agus bláthanna fiáine ann (féach Fíor 2).

Stair na gCoillearnach in Éirinn.

Sa tréimhse réamhstaire, bhí cuid mhór de thalamh na hÉireann faoi choillearnach. De réir thaighde na saineolaithe, ba é an t-am ba fhairsinge a bhí coillearnacha na hÉireann ná timpeall 7,000 bliain ó shin. Ba iad an dair, an leamhán, an fhuinseog, an péine Albanach, agus an fhearnóg na crainn ba choitianta san am. Thosaigh feirmeoirí ag glanadh na gcoillearnach idir 5,000 agus 6,000 bliain ó shin chun talamh feirme a dhéanamh di.

Faoin am a raibh na Ceiltigh i réim in Éirinn bhí na coillearnacha laghdaithe go mór. Mar sin féin, tugadh cosaint dlí do chrainn agus do phlandaí eile na coille. Bhí seacht gcrann ann a measadh a bheith 'uasal': an dair, an coll, an cuileann, an t-iúr, an fhuinseog, an péine Albanach agus an crann fia-úll. Faoi dhlíthe na mBreithiún, bhíodh fíneáil de dhá bhó bainne agus samhaisc amháin le híoc ag duine ar bith a dhéanfadh dochar do chrann acu seo.

Ón 16ú haois ar aghaidh leanadh de na crainn a leagan mar go raibh adhmad ag teastáil ó rialtas na Breataine, a bhí i gceannas na tíre ag an am, le haghaidh tógála agus tionsclaíochta. Toisc go raibh an daonra dhá oiread níos mó ná mar atá inniu, bhí an-éileamh ar adhmad mar bhreosla. Faoin mbliain 1900 ní raibh ach 0.5% de thalamh na tíre (35,000 heicteár) faoi choillearnach (féach fíor. 3). Tá an limistéar coillearnaí méadaithe go os cionn 600,000 heicteár ó thosaigh an stát ar fháschoillte a fhorbairt, ach is speicis neamhdhúchasacha bhuaircíneacha 84% de na crainn iontu.

Agairg chuileog (Amanita muscaria)

cleitchaonach tam
(thuidium tamaris

Iora Rua (Sclurus vulgaris)

Ialtóg Fheascrach (Pipistrellus pipistrellus)

Fíor 2: Bíonn sciar maith d'fhiadhúlra na hÉireann le fái
aimsíonn ainmhithe gnáthóg fhothana dóibh féin, agus
taise bhuan ann nach mbíonn sna gnáthóga oscailte. Bí
aimsíonn na hainmhithe bia dóibh féin i measc na gcra
d'ainmhithe i measc ghéaga an cheannbhrait.



*l fá na coillearnacha. Faoi cheannbhrat na coillearnaí
s dídean ó ghaoth agus ó theochtaí ainmheasartha. Bíonn
íonn rath ar an-chuid plandaí sa timpeallacht seo, agus
nn, na mbláth agus na dtorthaí. Bíonn dídean d'éin agus*



Fíor 3: Laghdú na gcoillearnach in Éirinn go dtí na 1900-idí agus an céatadán a mheastar a bheidh faoi choillearnach faoin mbliain 2050 AD.

Bhí an-mheas i gcónaí ar an dair agus ar an gcoll in Éirinn, mar is léir ar na línte seo as dán Gaeilge de chuid an dóú haois déag:

***A dhair dhosach dhuilleadhach
ad ard ós cionn chrainn,
a cholláin, a chráobhacháin,
a chomhra chnó cuill.***

Luach na gCrann

Déanann crainn athnuachan ar an aer a análaímid trí dhé-ocsaíd charbóin a ionsú agus ocsaigin a tháirgeadh. 'Fótaisintéis' a thugtar ar an bpróiseas seo. Bíonn cuid den dé-ocsaíd charbóin i dtaisce sna crainn, rud a chabhraíonn le haeráid an domhain a rialú. Súnn crainn isteach cuid mhór uisce gach lá agus scaoileann siad amach é i bhfoirm ocsaigine trí phoill bhídeacha ina gcuid duilleog. Cabhraíonn sé seo le draenáil na talún.

Is iomaí sin crann a bhfuil fréamhacha fada doimhne faoi, a leathann amach san ithir. Ní hamháin go ndaingníonn seo an crann san ithir, ach cosnaíonn sé an ithir féin ó imeacht le sruth. Níl ansin ach cuid de na fáthanna ar chóir dúinn crainn agus coillearnacha a chaomhnú.

Bagairtí ar Choillearnacha

Is minic a bhíonn toradh maith ar athruithe i dtimpeallacht na coillearnaí, agus go gcabhraíonn siad le speicis nua teacht chun cinn. Sin ráite, d'fhéadfadh athrú de chineál ar bith a bheith ina údar contúirte d'ainmhithe. Cuid mhór de na hainmhithe agus de na plandaí seo, bíonn siad ag brath ar dhálaí buanseasmhacha, agus faigheann siad bás nuair a athraíonn timpeallacht na coillearnaí. Mar shampla, d'fhéadfadh leagan amach mar seo a bheith ar bhiashlabhra na coillearnaí: itheann feithidí duilleoga, agus itheann éin agus mamaigh bheaga na feithidí ar a seal. Má bhíonn na feithidí ar lár, ní bhíonn bia ar bith ag na héin agus bíonn orthu sin imeacht chomh maith.

Is é glanadh na gcoillearnach ar mhaithe le talamh feirmeoireachta a dhéanamh di an t-athrú is dochraí ar fad. Fadhb eile ná go ligtear d'fhianna agus do chaoirigh an iomarca innilte a dhéanamh i go leor áiteanna ar fud na tíre

Maidir leis na páirceanna náisiúnta i gCiarraí agus i nDún na nGall, is é an rud is mó a dhéanann scrios ná speiceas de phlanda – Rhododendron ponticum, a tugadh chun na tíre seo sa naoú haois déag. Tá an speiceas neamhdhúchasach seo i ndiaidh a chuid féin a dhéanamh de limistéir fhairsinge den choillearnach nádúrtha agus táthar ag iarraidh é a chosc le súil is go dtiocfaidh athbheochan ar speicis dhúchasacha na coillearnaí. Ar na bagairtí eile tá faillí, draenáil, tine, scrios na bhfálta sceach chun páirceanna a mhéadú agus stoc neamhdhúchasach a chur ar an talamh.

Cad is féidir leatsa a dhéanamh?

Tá cuid mhór oibre ar siúl, ach fós níl ach 9% de thalamh na hÉireann faoi chrainn, an ráta is ísle san Eoraip, seachas an Íoslainn. Is é 31% an meán san Aontas Eorpach, agus is léir go bhfuil saothar mór romhainn go fóill. Táthar ag súil go mbeidh 16% de thalamh na hÉireann faoi choillearnach faoin mbliain 2035. Gaisce mór a bheadh ann, ach fós féin ní bheimis ach beagáinín os cionn leath an mheáin san AE.

Tig leatsa cabhrú trí choillearnach a chruthú ar do chuid talún féin agus trí thacaíocht a thabhairt do na heagraíochtaí iomadúla atá ag obair ar son na gcoillearnach. Ina measc seo tá Comhairle Crann na hÉireann, Coillte- an tSeirbhís Foraoise, Trees for Ireland, Woodlands of Ireland, Foraoiseacha Mílaoise an Phobail, agus Crann. Ar ndóigh, bí cinnte agus tú féin a iompar go freagrach stuama nuair a thugann tú cuairt ar choillearnacha agus ar choillte, agus aird a bheith agat ar chód na tuaithe.

Tá Dúchas, an tSeirbhís Oidhreachta, freagrach as na páirceanna náisiúnta uile chomh maith le páirceanna eile ina bhfuil coillearnacha nádúrtha. Tá gréasán de Thearmainn Dúlra Náisiúnta bunaithe acu chomh maith a cruthaíodh chun gnáthóga fiadhúlra a chaomhnú.

Coillearnacha Spéisiúla

Doirí
Cill Airne, Co. Chiarraí
Gleann Dá Loch, Co. Chill Mhantáin
Coill Bhaile an Bhóthair, Co. Uíbh Fhailí
Coill Ráth Maoláin, Co. Dhún na nGall
An Bhreac-Chluain, Co Mhaigh Eo

Coillte Fuinseog agus Leamhán
Hanging Rock, Co. Fhear Manach
Coill Chluain Cuais, Co. an Chláir
An Mullach Mór, Co. an Chláir

Coillearnach Scrobarnaí Coll
Boirinn, Co. an Chláir

Coillearnacha Fearnóg agus Saileach
Oileán Rosa, Co. Chiarraí
An Gaoire, Co. Chorcaigh

Coillte Beithe
Portach na hArdchoille, Co. Chill Dara

Coillte Iúir
Coill Reednadinna, Mucros, Co. Chiarraí

Coillte Feá
Gort Inse Guaire, Co. na Gaillimhe.

Tuilleadh Léitheoireachta

de Buitlear, Eamon (1984) *Wild Ireland*. Country House, Baile Átha Cliath

Forey, Pamela, (1996) Crainn, An Gúm, Baile Átha Cliath.

Kelly, F. (1999) *Early Irish Farming*. Institiúid an Ardléinn, Baile Átha Cliath

O'Connell, C. A. (1999) *Wild Woods of Ireland Field Studies* Guide. Comhairle Chaomhnaithe Phortaigh na hÉireann, Baile Átha Cliath

Tree Council of Ireland (1999) T*he Tree Day Resource Pack/CD ROM*. Comhairle Crann na hÉireann, Baile Átha Cliath.

Ullmhaithe ag Martin Kelly ar son Comhairle Chaomhnaithe Phortaigh na hÉireann, Baile Átha Cliath, 2001. Teil. +353-1-8722384 Facs: +353-1-872239 r-phost: bogs@ipcc.ie Láithreán gréasáin: http://www.ipcc.ie

Arna eisiúint ag
ENFO – An tSeirbhís Eolais Comhshaoil,
17 Sráid San Aindrias,
Baile Átha Cliath 2, Éire.

Teil: **1890 200 191, (01) 888 3910 / 888 3933**
Facs: **01-888 3946**
R.phost: **info@enfo.ie**
Gréasán: **www.enfo.ie**

Is féidir scríobh nó bualadh isteach chugainn ag an seoladh thuas, nó breathnú ar sheastáin eolais ENFO in oifigí d'údaráis áitiúil féin nó i Leabharlann na Cathrach/an Chontae.

Seirbhís phoiblí saor in aisce is ea ENFO de chuid na Roinne Comhshaoil & Rialtais Áitiúil

Clóite ar pháipéar athchúrsáilte
Aibreán 2001